Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7852/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0082(NLE)**

**ACP 21**
**WTO 25**
**COAFR 75**
**RELEX 432**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle CCE agus sa Choiste Oifigeach Sinsearach arna mbunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na Rialacha Nós Imeachta don Chomhairle CCE, na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Chóid Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, agus na Rialacha Nós Imeachta don Choiste Oifigeach Sinsearach |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle CCE agus sa Choiste Oifigeach Sinsearach arna mbunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le glacadh na Rialacha Nós Imeachta don Chomhairle CCE, na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Chóid Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, agus na Rialacha Nós Imeachta don Choiste Oifigeach Sinsearach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis seo, tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Iúil 2024.

(2) De bhun Airteagail 104 agus 106 den Chomhaontú, bunaítear an Chomhairle CCE agus an Coiste Oifigeach Sinsearach, faoi seach, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

(3) De bhun Airteagal 104(3) den Chomhaontú, is í an Chomhairle CCE a bhunóidh a rialacha nós imeachta féin.

(4) De bhun Airteagal 105(3) agus Airteagal 120 den Chomhaontú, is í an Chomhairle CCE a bhunóidh na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe.

(5) De bhun Airteagal 107(3) den Chomhaontú, is é an Coiste Oifigeach Sinsearach a chinnfidh a rialacha nós imeachta féin.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle CCE agus sa Choiste Oifigeach Sinsearach a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí lena mbunaítear a rialacha nós imeachta faoi seach, agus na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, ina gceangal ar an Aontas.

---

[1] Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (IO L 2024/1648, 1.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/1648/oj).

(7) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle CCE agus sa Choiste Oifigeach Sinsearach a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta faoi seach, agus na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, a bheith bunaithe ar na Dréachtchinntí faoi seach ón gComhairle CCE agus ón gCoiste Oifigeach Sinsearach atá i gceangal leis an gCinneadh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú den Chomhairle CCE arna bunú faoi Airteagal 104 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile (‘an Comhaontú’) i ndáil lena Rialacha Nós Imeachta, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhairle CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú den Chomhairle CCE i ndáil leis na Rialacha Nós Imeachta maidir le Réiteach Díospóidí agus an Cód Iompair le haghaidh Eadránaithe agus Idirghabhálaithe, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhairle CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an gcéad chruinniú den Choiste Oifigeach Sinsearach arna bhunú faoi Airteagal 106 den Chomhaontú i ndáil lena Rialacha Nós Imeachta, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste Oifigeach Sinsearach atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*